



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2020)0218

Leasú ar Chinneadh Uimh 1313/2013/EU maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta *I**

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2020 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (COM(2020)0220 – C9-0160/2020 – 2020/0097(COD))¹

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

¹ Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstiúideach de bhun Rial 57(4), an ceathrú fomhír (A9-0148/2020).

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh Lua 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 196 **agus Airteagal 322(1)(a)** de,

Leasú

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 196 de,

Leasú 2

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Tá méadú ar mhinicíocht, déine agus castacht tubaistí nádúrtha ar fud an domhain mar gheall ar an athrú aeráide agus tá tíortha i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, an-leochaileach, ar thaobh amháin, mar gheall ar an gcumas tearcfhorbartha atá acu oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide agus iad a mhaolú, agus freagairt do thubaistí a bhaineann leis an aeráid, agus ar an taobh eile, dá nochtadh geografach ar thuilte, ar thriomaigh agus ar dhóiteáin foraoise.

Leasú 3

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) Agus **aitheantas á thabhairt do** príomhchúram **na mBallstát** tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc agus chun ullmhú agus freagairt do na tubaistí sin, cuireann Sásra an Aontais dlúthpháirtíocht idir

(2) Agus an príomhchúram maidir le tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine a chosc agus chun ullmhú agus freagairt do na tubaistí sin **fós ar na Ballstáit**, cuireann Sásra an Aontais, **agus go háirithe rescEU**,

na Ballstáit chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach **trí chomhlánú a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí atá ag na Ballstáit cheana, trí ullmhacht agus freagairt níos éifeachtúla a chumasú, i gcás nach leordhóthanach na acmhainneachtaí ar an leibhéal náisiúnta.**

Leasú 4

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) Cuireann dóiteáin foraoise saol daoine, slite beatha agus bithéagsúlacht i mbaol, bíonn méideanna móra astaíochtaí carbóin scaoilte mar thoradh orthu agus laghdaíonn siad cumas ionsúite carbóin an phláinéid, rud a ghéaraíonn tuilleadh an t-athrú aeráide. Is ábhar inní ar leith iad cásanna ina scriosann dóiteán foraois phríomhúil nó ceantair atá éillithe go radaighníomhach. Éilíonn an méadú ar thubaistí a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear dóiteáin foraoise, go neartófar oibríochtaí an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a dhíríonn ar thubaistí a chosc agus ar ullmhacht ina leith.

Leasú 5

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3) Léiríodh leis an taithí ar phaindéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe go bhfuil éifeachtacht an Aontais i dtaca le géarchéim a

(3) Léiríodh leis an taithí ar phaindéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe go bhfuil éifeachtacht an Aontais i dtaca le géarchéim a

bhainistiú, teoranta mar gheall ar raon feidhme a chreata rialachais, agus mar gheall ar leibhéal ullmhachta an Aontais i gcás tubaistí a mbeidh tionchar acu ar fhormhór na mBallstát.

bhainistiú, teoranta mar gheall ar raon feidhme a chreata rialachais, agus mar gheall ar leibhéal ullmhachta an Aontais i gcás tubaistí a mbeidh tionchar acu ar fhormhór na mBallstát. *Thairis sin, is léir nach bhfuil na Ballstáit ullmhaithe go leor i gcoinne tubaistí a bhíonn níos déine agus níos casta ná mar a bhí agus a mbíonn iarmhairtí forleathana, fadtéarmacha agus domhanda acu, amhail paindéim mhórsála. Tá sé bunriachtanach, dá bhri sin, go ndéanfar gníomhaíochtaí cosanta sibhialta na mBallstát a chomhordú níos fearr agus go ndéanfar rescEU a threisiú.*

Leasú 6

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Tá sé léirithe leis an taithí ó ghéarchéim COVID-19 nach bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ullmhaithe go leor chun freagairt ar éigeandálaí mórsála agus nach bhfuil an creat dlíthiúil atá ann cheana chomh oiriúnach don fheidhm agus is gá. Tá sé tugtha chun suntais freisin le géarchéim COVID-19, maidir leis na hiarmhairtí ar shláinte an duine, ar an geomhshaol, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar a bhíonn ag olltubaistí, conas is féidir leis na hiarmhairtí sin a bheith níos mó ná aon iarmhairtí den sórt sin dá bhfacthas riamh. I bhfianaise an ghá atá le cumas agus gníomhaíochtaí an Aontais a neartú a mhéid a bhaineann le sláinte agus le cosaint shibhialta, tá sé bunriachtanach go ndéanfar rescEU a threisiú agus go ndéanfar níos solúbtha agus níos gaiste é agus go ndéanfar é a

chomhordú níos fearr leis na húdaráis náisiúnta cosanta sibhialta. Tá sé bunriachtanach freisin go gcuirfeadh na Ballstáit faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir lena mbearta cosanta agus a n-ullmhacht i ndáil le héigeandálaí.

Leasú 7

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 3 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3b) Chun trédhearcacht agus cuntasacht a uasmhéadú do shaoránaigh an Aontais, ba cheart don Choimisiún treoir a thabhairt ar aghaidh maidir le conas a dhéanfaí an cion den chaiteachas a chuirtear i gcrích trí Shásra an Aontais um Chosaint Sibhialta ar cheart dó cáiliú mar Chabhair Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) a thomhas;

Leasú 8

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 3 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3c) I bhfianaise an taithí a fuarthas ó ráig COVID-19, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le feabhas a chur ar chumas freagartha an Aontais i réimsí na sláinte agus na cosanta sibhialta, ba cheart rescEU a threisiú go suntasach chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht i ngach ceann de na trí cholún de Shásra an Aontais: cosc, ullmhacht agus freagairt.

Leasú 9

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 5**

- (5) Chun bheith níos ullmhaithe nuair a thabharfaidh teagmhais den sórt seo ár ndúshlán sa todhchaí, tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun Sásra an Aontais a threisiú.

- (5) Chun bheith níos ullmhaithe nuair a thabharfaidh teagmhais den sórt seo ár ndúshlán sa todhchaí, tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun Sásra an Aontais a threisiú. ***Ba cheart go mbeadh treisiú Shásra an Aontais comhlántach le beartais agus cistí an Aontais agus níor cheart go ngabhfaidh sé ionad prionsabal na hathléimneachta ó thubaistí a phríomhshruthú isteach sna beartais agus sna cistí sin.***

Leasú 88

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 6

- (6) Chun pleanáil a fheabhsú i dtaca le cosc agus ullmhacht, ba cheart don Aontas ***tacú le*** cur chun cinn na hinfheistíochta i dtaca le cosc ar thubaistí ar fud na n-earnálacha agus ***i dtaca le*** cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú riosca atá ina bhonn leis an gcosc agus leis an ullmhacht, ag cur san áireamh cur chuige i leith gach cineál guaise, cur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras agus ar an tionchar is dócha a bheidh ag an athrú aeráide, i ndlúthchomhar leis an bpobal eolaíochta ábhartha ***agus*** le príomhoibreoirí eacnamaíocha. Chun na críche sin, ba cheart cur chuige trasearnála agus uile-ghuaiseach a chur ar thús cadhnaíochta agus a bhunú ar spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais, spriocanna a úsáidfear chun sainiú bonnlíne a chruthú i dtaca le hacmhainneachtaí agus le hullmhacht. Feidhmeoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais á sainiú aige.

- (6) Chun ***athléimneacht agus*** pleanáil a fheabhsú i dtaca le cosc agus ullmhacht, ba cheart don Aontas infheistíocht ***a threisiú*** i dtaca le cosc ar thubaistí thar ***theorainneacha agus ar fud*** na n-earnálacha, ***lena n-áirítear iad siúd a thagann chun cinn mar gheall ar ghníomhaíocht sheismeach, mar shampla creathanna talún, nó mar gheall ar thuilte nó mar gheall ar éagobhsaíocht hidrigeolaíoch, amhail sciorthaí talún,*** agus i dtaca le cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú riosca atá ina bhonn leis an gcosc agus leis an ullmhacht, agus cur chuige i leith gach cineál guaise á chur i gcuntas, ar cur chuige é atá bunaithe ar an éiceachóras agus ar an tionchar is dócha a bheidh ag an athrú aeráide, i ndlúthchomhar leis an bpobal eolaíochta ábhartha agus le príomhoibreoirí eacnamaíocha, ***agus údarais réigiúnacha agus áitiúla, ar príomhghníomhaithe iad sa timhriall bainistithe tubaistí, chomh maith leis an tríú earnáil agus eagraíochtaí deonacha atá ag feidhmiú sa réimse agus nach ceadmhach dóibh sásraí***

comhordaithe seanbhunaithe an Aontais a chur i gcontúirt. Chun na críche sin, ba cheart cur chuige trasearnála, *trasteorann* agus uile-ghuaiseach a chur ar thús cadhnaíochta agus a bhunú ar spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais, spriocanna a úsáidfear chun sainiú bonnlíne a chruthú i dtaca le hacmhainneachtaí agus le hullmhacht. Tá an Coimisiún chun oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus *le Parlaimint na hEorpa* agus spriocanna athléimneachta ar fud an Aontais á sainiú aige *agus chun aon phleananna freagartha éigeandála oibríochta atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a chur i gcuntas.*

Leasú 11

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 6 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6a) Chun a áirithiú go ndéanfar tubaistí a chosc go héifeachtúil, ba cheart tástálacha struis agus próiseas le haghaidh deimhniú cumas freagartha a mheas mar phríomghnéithe. Tá measúnuithe rialta riosca ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil riachtanach chun go mbeidh údaráis náisiúnta in ann bearta a dhéanamh chun athléimneacht a thréisiú i gcás inar gá, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cistí de chuid an Aontais atá ann cheana. Leis na measúnuithe riosca sin, ba cheart díriú ar na gnéithe atá sonrach do gach réigiún, amhail gníomhaíocht sheismeach, tuilte a tharlaíonn go minic nó dóiteáin foraoise. Ba cheart leibhéal an chomhair trasteorann a áireamh sna measúnuithe sin freisin, chun go mbeidh faisnéis mhionsonraithe ag Sásra an Aontais maidir leis na hacmhainneachtaí atá ar fáil go háitiúil ionas gur féidir an

idirghabháil sin a dhéanamh níos spriocdhírithé.

Leasú 12

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 6 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6b) Ba cheart go mbeadh sé i gceist le forbairt spriocanna de chuid an Aontais maidir le hathléimneacht ar thubaistí chun tacú le bearta coisctheacha agus ullmhachta, measúnú cruinn a dhéanamh ar na hiarmhairtí sóisialta fadtéarmacha a tugadh faoi deara le linn an chead chéim iar-éigeandála arna bainistiú ag gníomhaireachtaí cosanta sibhialta, agus na hiarmhairtí sin á gcur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí.

Leasú 89

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 6 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6c) Is den mhórhábhacht an ról atá ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le tubaistí a chosc agus a bhainistiú agus ní mór baint iomchuí a bheith ag a n-acmhainneachtaí freagartha in aon ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhordú agus imscaradh a dhéantar faoin gCinneadh seo, i gcomhréir le creataí dlí agus institiúideacha na mBallstát, chun aon fhorluí a laghdú agus idir-inoibritheacht a chothú. Is féidir le húdaráis sin ról coisctheach tábhachtach a imirt agus is iadsan an chéad dream a fhreagraíonn tar éis tubaiste, mar aon le

hacmhainneachtaí a saorúlaithe. Dá bhrí sin, tá gá le comhar leanúnach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus trasteorann d'fhonn córais choiteanna rabhaidh le haghaidh mear-idirghabhála a bhunú roimh rescEU a shlógadh, chomh maith le feachtais faisnéise phoiblí rialta maidir le bearta freagartha tosaigh.

Leasú 13

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8a) Má chruthaítear comhthiomsú acmhainní, tugtar le chéile sraith d'fhoirne tarrthála, saineolaithe agus trealaimh a choimeádann na Ballstáit ar fuireachas i gcónaí le haghaidh mhisin an Aontais um chosaint shibhialta. Tá sé rithábhachtach go gcomhlíonfaidh na foirne sin dianchritéir cáilíochta agus iontaofachta chun a n-idir-inoibritheacht a áirithiú.

Leasú 14

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9) Ba cheart do Shásra an Aontais úsáid a bhaint as bonneagair spáis an Aontais amhail clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus), Galileo, Feasacht Staide an Spáis agus GOVSATCOM, a soláthraíonn uirlisí tábhachtacha ar leibhéal an Aontais chun freagairt d'éigeandálaí inmheánacha agus seachtracha. Tugann Córais Bainistithe Éigeandálaí Copernicus tacaíocht d'ERCC le linn na gcéimeanna éigeandála éagsúla ón luathrabhadh agus ón gcosc go dtí an tubaiste agus an téarnamh. Tá GOVSATCOM chun

(9) Ba cheart do Shásra an Aontais úsáid a bhaint as bonneagair spáis an Aontais amhail clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus), Galileo, Feasacht Staide an Spáis agus GOVSATCOM, a soláthraíonn uirlisí tábhachtacha ar leibhéal an Aontais chun freagairt d'éigeandálaí inmheánacha agus seachtracha. Tugann Córais Bainistithe Éigeandálaí Copernicus tacaíocht d'ERCC le linn na gcéimeanna éigeandála éagsúla ón luathrabhadh agus ón gcosc go dtí an tubaiste agus an téarnamh. Tá

acmhainneacht cumarsáide satailíte sláine a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais úsáideoirí institiúideacha i mbainistiú éigeandálaí. Is é clár Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte a ceapadh go sonrath chun críocho sibhialta san Eoraip agus ar fud an domhain, agus féadtar é a úsáid i réimsí eile amhail bainistiú éigeandálaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí luathrabhaidh. Ar sheirbhísí Galileo, áireofar seirbhís éigeandála, a chraolann rabhaidh trí chomharthaí astaithe, maidir le tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí eile i réimsí áirithe. Ba cheart do *na* Ballstáit a bheith *in ann* an tseirbhís sin a úsáid. I gcás ina gcinnfidh siad an tseirbhís a úsáid, chun an córas a bhailíochtú, ba cheart dóibh na húdaráis náisiúnta atá inniúil ar an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaithint agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.

GOVSATCOM chun acmhainneacht cumarsáide satailíte sláine a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais úsáideoirí institiúideacha i mbainistiú éigeandálaí. Is é clár Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte a ceapadh go sonrath chun críocho sibhialta san Eoraip agus ar fud an domhain, agus féadtar é a úsáid i réimsí eile amhail bainistiú éigeandálaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí luathrabhaidh. Ar sheirbhísí Galileo, áireofar seirbhís éigeandála, a chraolann rabhaidh trí chomharthaí astaithe, maidir le tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí eile i réimsí áirithe. *I bhfianaise a hachmainneacht chun beatha daoine a shábháil agus comhordú gníomhaíochtaí éigeandála a éascú,* ba cheart na Ballstáit *a spreagadh* le húsáid a bhaint as an tseirbhís sin. I gcás ina gcinnfidh siad an tseirbhís a úsáid, chun an córas a bhailíochtú, ba cheart dóibh na húdaráis náisiúnta atá inniúil ar an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaithint agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.

Leasú 15

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9a) Ba cheart Sásra an Aontais agus rescEU a fhorbairt ar bhealach lena mbeifear in ann freagairt go éifeachtach ar réimse leathan éigeandálaí. Mar gheall ar an athrú aeráide, tá méadú ag teacht ar mhinicíocht, déine agus castacht tubaistí nádúrtha laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, rud a éilíonn ardleibhéal dlúthpháirtíochta i measc tíortha. Gach bliain, déantar slad ar roinnt mhaith Ballstát le

dóiteáin foraoise a scriosann na mílte heicteár agus a mharaíonn an iliomad daoine. Chonacthas an staid sin go han-soiléir le linn shéasúr na ndóiteán foraoise in 2017 sa Phortaingéil, ar séasúr dóiteán foraoise é as ar tháinig an togra ón gCoimisiún de mhí na Samhna 2017 maidir le rescEU. Is minic nach leordhóthanach cumas na mBallstát um chosc agus um fhreagairt, lena n-áirítear cumas na Ballstáit sin is troime a bhuaileann dóiteáin foraoise. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, go ndéanfar cosc ar thubaistí, ullmhacht dóibh agus freagairt orthu a neartú agus go mbeidh acmhainneachtaí leordhóthanacha i Sásra an Aontais, lena n-áirítear le linn thréimhse aistrithe rescEU, chun gníomhaíocht a dhéanamh nuair a tharlaíonn dóiteáin foraoise agus tubaistí nádúrtha eile.

Leasú 16

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 9 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9b) *Le linn phaindéim COVID-19, ag tógáil ar na forálacha atá i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE cheana, bhí an Coimisiún in ann stoc-charnadh leighis a áireamh, comhdhéanta d'fhrithbhearta leighis amhail trealamh leighis dianchúraim, trealamh cosanta pearsanta, soláthairtí saotharlainne, vaicsíní agus cógais leighis theiripeacha, chun críche ullmhachta agus freagartha maidir le bagairt trasteorann thromchúiseach ar an tsláinte. Ón stoc-charnadh leighis sin, rinneadh trealamh cosanta pearsanta a sheachadadh chuig na Ballstáit agus chuig tíortha is*

iarrthóirí. Ina ainneoin sin, ar an ábhar gurb iad na Ballstáit amháin a fhéadfaidh acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós nó a fháil ar léas, chuaigh níos mó ná aon mhí amháin thart idir glacadh an ghnímh cur chun feidhme le haghaidh bhunú an stoc-charntha thuasluaite agus chéad chur in úsáid an trealaimh leighis agus na soláthairtí lena mbaineann.

Leasú 17

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Chun go mbeadh an acmhainneacht oibríochtúil ann chun freagairt go gasta d'**éigeandáil** mhórsála nó do **theagmhas** lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór amhail paindéim COVID-19, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an Aontas acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós, ar léas nó ar conradh chun a bheith in ann cuidiú leis na Ballstáit a rinneadh a threascairt de dheasca éigeandálaí mórsála, i gcomhréir leis an inniúlacht tacaíochta i réimse na cosanta sibhialta, **agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine leochaileacha**. Déanfar na hacmhainneachtaí sin a shuíomh roimh ré i moil lóistíochta laistigh den Aontas, **nó ar chúiseanna straitéiseacha, trí líonraí iontaofa de mhoil mar shampla Iostaí Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe**.

Leasú

(10) Chun go mbeadh an acmhainneacht oibríochtúil ann chun freagairt go gasta agus **go héifeachtach** d'**éigeandálaí** mórsála nó do **theagmhais** lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór amhail paindéim COVID-19, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an Aontas acmhainneachtaí rescEU a fháil **go féinrialaitheach**, a fháil ar cíós, ar léas nó ar conradh chun a bheith in ann cuidiú leis na Ballstáit a rinneadh a threascairt de dheasca éigeandálaí mórsála, **chomh maith le héigeandálaí trasteorann**, i gcomhréir leis an inniúlacht tacaíochta i réimse na cosanta sibhialta. Déanfar na hacmhainneachtaí sin a shuíomh roimh ré i moil lóistíochta laistigh den Aontas. **Ba cheart dul i gcomhairle le EMA agus ECDC, i gcás inar gá, maidir le sainiú, bainistiú agus leithdháileadh acmhainneachtaí atá tiomnaithe d'fhreagairt a thabhairt ar éigeandálaí leighis**.

Leasú 18

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 10 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10a) Agus gníomhaíochtaí Shásra an Aontais á ndéanamh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosaint daoine leochaileacha. Chomh maith leis sin, agus chun foréigean inscnebhunaithe a chosc, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh le linn géarchéimeanna, ba cheart don Choimisiún, i dteannta na mBallstát, treoir a fhorbairt bunaithe ar dheá-chleachtais chun tacú le híospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe laistigh den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

Leasú 19

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 10 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10b) Ar bhonn phrionsabail dhlúthpháirtíocht agus chumhdach uilíoch na seirbhísí sláinte ardcháilíochta agus ról lárnach an Aontais maidir le dlús a chur le dul chun cinn i dtaobh dúshláin dhomhanda sláinte, ba cheart don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, ar bhealach lena mbainfí amach sineirge agus comhlántacht le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe EU4Health, acmhainneacht níos fearr um chosc, um ullmhacht agus um fhreagairt a chruthú i ndáil le héigeandálaí leighis.

Leasú 20

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 11**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (11) D'fhéadfaí úsáid a bhaint as acmhainneachtaí rescuEU a fhaigheann na Ballstáit, acmhainneachtaí a fhaigheann siad ar cíos nó ar léas, nó a fhaigheann siad ar conradh ar shlí eile, a úsáid chun críocha náisiúnta, ach ní fhéadfaí úsáid a bhaint astu ach amháin nuair nach n-úsáidtear le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais iad nó nach bhfuil gá leo sa chás sin.

Leasú 21

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 12**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (12) I gcás inar gá, tá leas ag an Aontas i dtaca le freagairt d'éigeandálaí i dtríú tíortha. Ós rud é gur bunaíodh é go príomha mar líontán sábhála laistigh den Aontas, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ag cur san áireamh na prionsabail dhaonnúla, d'fhéadfaí acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas Eorpach.

Leasú 22

**Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 13**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (13) D'fhonn tacú leis na Ballstáit an cúnaimh a chur ar fáil, ba cheart treisiú leis an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a thuilleadh trí chostais oibríúcháin na n-

Leasú

- (11) D'fhéadfadh **na Ballstáit a óstálann na hacmhainneachtaí sin** úsáid a bhaint as acmhainneachtaí rescuEU a fhaigheann na Ballstáit **nó an Coimisiún**, acmhainneachtaí a fhaigheann siad ar cíos nó ar léas, nó a fhaigheann siad ar conradh ar shlí eile, a úsáid chun críocha náisiúnta, ach ní fhéadfaí úsáid a bhaint astu ach amháin nuair nach n-úsáidtear le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais iad, **agus tosaíocht á tabhairt don chomhrac i gcoinne éigeandálaí trasteorann**, nó nach bhfuil gá leo sa chás sin.

Leasú

- (12) I gcás inar gá, tá leas ag an Aontas i dtaca le freagairt d'éigeandálaí i dtríú tíortha. Ós rud é gur bunaíodh é go príomha mar líontán sábhála laistigh den Aontas, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, **i gcomhairle le gníomhaithe daonnúla roimh na hidirghabhálacha**, agus na prionsabail dhaonnúla á gcur i gcuntas, d'fhéadfaí acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas Eorpach.

Leasú

- (13) Chun tacú leis na Ballstáit an cúnaimh a chur ar fáil **lasmuigh den Aontas freisin**, ba cheart an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a threisiú thuilleadh trí chostais

acmhainneachtaí a gealladh a chómhaoiniú *nuair a* imscarfar lasmuigh den Aontas é.

oibriúcháin na n-acmhainneachtaí a gealladh a chómhaoiniú *ar an leibhéal céanna, gan beann ar cé acu laistigh den Aontas nó* lasmuigh de a imscarfar iad.

Leasú 23

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(14a) Chun comhar maidir le dóiteáin foraoise a chomhrac ón aer agus mar fhreagairt ar thubaistí eile, ba cheart próisis riaracháin a chuíchóiriú i gcás inar féidir chun idirghabháil phras a áirithiú.

Leasú 24

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16) Ós rud é go soláthraítear breisluach suntasach don Aontas de bharr as acmhainneachtaí rescEU a imscaradh le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais trí fhreagairt éifeachtach, ghasa a áirithiú do dhaoine i gcásanna éigeandálaí, ba cheart oibleagáidí breise maidir le hinfheictheacht a thabhairt go mbeidh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta.

(16) Ós rud é go soláthraítear breisluach suntasach don Aontas de bharr acmhainneachtaí rescEU a imscaradh le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais trí fhreagairt éifeachtach, ghasa a áirithiú do dhaoine i gcásanna éigeandálaí, ba cheart oibleagáidí breise maidir le hinfheictheacht a chur i bhfeidhm chun ***faisnéis a thabhairt do saoránaigh agus meáin an Aontais agus freisin chun an tAontas Eorpach a chur ar thús cadhnaíochta. Ba cheart go bhfaigheadh údarais náisiúnta treoirlínte cumarsáide ón gCoimisiún do gach idirghabháil ar leith chun a áirithiú go ndéanfar ról an Aontais a phoibliú go hiomchuí.***

Leasú 25

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (17) Chun an tsolúbthacht a mhéadú agus chun an buiséad a chur chun feidhme ar an tslí is fearr is féidir, **ba cheart** an bhainistíocht indíreach **a áireamh** mar mhodh **cur chun feidhme** buiséid.

Leasú

- (17) Chun solúbthacht a mhéadú agus **chun cur chun feidhme** optamach den bhuiséad a bhaint amach, **ba cheart go ndéanfaí foráil leis an gCinneadh seo maidir le** bainistiú indíreach a úsáid mar mhodh **forghníomhaithe** buiséid, **i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar thoradh ar nádúr agus ábhar na gníomhaíochta lena mbaineann.**

Leasú 26

Togra le haghaidh cinnidh
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

- (17a) **I gcomhréir le hAirteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} ('an Rialachán Airgeadais'), ba cheart do na heintitis a liostaítear in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán sin agus in Airteagal 25(2) den Chinneadh seo a n-oibleagáidí tuarascála a chomhlíonadh go bliantúil. Tá na ceanglais tuairiscithe do na heintitis sin leagtha síos sa chomhaontú fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 130(3) den Rialachán Airgeadais.**

^{1a} **Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE)**

Uimh. 1301/2013, (AE)
Uimh. 1303/2013, (AE)
Uimh. 1304/2013, (AE)
Uimh. 1309/2013, (AE)
Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014,
(AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh
Uimh. 541/2014/AE agus lena n-
aisghairtear Rialachán (AE, Euratom)
Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018,
lch. 1).

Leasú 27

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 18**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(18) D'fhonn intuarthacht agus éifeachtacht fhadtéarmach a chur chun cinn, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh ina léirítear na leithdháiltí beartaithe. Leis sin ba cheart cabhrú le solúbthacht an Aontais i dtaca le forghníomhú an bhuiséid agus, dá bharr sin, feabhas a chur ar a chuid gníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht.

scriosta

Leasú 28

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 18 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(18a) Le gníomhartha tarmligthe, bacheart inniúlachtaí neartaithe na bpríomhghníomhaireachtaí de chuid an Aontais a shainiú chun acmhainneachtaí rescEU a bhainistiú, chun an próiseas soláthair a threorú agus chun moltaí a thabhairt maidir le

*cainníochtaí agus táirgí sonracha
atá le cur i moil lóistíochta atá
scaipthe go geografach.*

Leasú 29

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 18 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(18b) Ba cheart, le bunú, bainistiú agus dáileadh cúlchistí straitéiseacha agus stoc-chairn acmhainneachtaí an Aontais atá tiomnaithe do fhreagairt d'éigeandálaí leighis faoin gclár sláinte EU4Health, go ndéanfaí comhlánú ar chúlchistí rescEU.

Leasú 30

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 22 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22a) Leis an Sásra Aontais, ba cheart go mbeadh sé indéanta do na Ballstáit ranníocaíochtaí breise deonacha a dhéanamh freisin.

Leasú 31

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 23**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(23) Cé go bhfuil bearta maidir le cosc agus ullmhacht fíor-riachtanach cur le stóinseacht an Aontais agus é ag dul i ngleic le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, ní féidir tubaistí a thuar, uainiú ná ollmhéid tubaistí, mar go dtarlaíonn siad gan choinne. Mar a léiríodh le linn ghéarchéim COVID-19 le déanaí,

(23) Cé go bhfuil bearta maidir le cosc agus ullmhacht fíor-riachtanach cur le stóinseacht an Aontais agus é ag dul i ngleic le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine, ní féidir tubaistí a thuar, uainiú ná ollmhéid tubaistí, mar go dtarlaíonn siad gan choinne. Mar a léiríodh le linn ghéarchéim COVID-19 le

féadfar athrú suntasach a bheith ar na hacmhainní airgeadais a iarrtar ó bhliain go bliain chun freagairt leormhaith a áirithiú agus ba cheart na hacmhainní sin a chur ar fáil láithreach. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Dá réir sin, is iomchuí tabhairt anonn leithreasuithe nár úsáideadh a údarú, agus a theorannú don bhliain dár gcionn agus a bheith dírithe **go hiomlán** ar **ghníomhaíocht** freagartha, sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais.

déanaí, féadfar athrú suntasach a bheith ar na hacmhainní airgeadais a iarrtar ó bhliain go bliain chun freagairt leormhaith a áirithiú agus ba cheart na hacmhainní sin a chur ar fáil láithreach. Chun prionsabal na hintuarthachta agus an gá atá le freagairt go mear do riachtanais nua a thabhairt le chéile, ní mór cur chun feidhme airgeadais na gclár a oiriúnú dá bharr sin. Dá réir sin, is iomchuí tabhairt anonn leithreasuithe nár úsáideadh a údarú, agus a theorannú don bhliain dár gcionn agus a bheith dírithe ar **ghníomhaíochtaí coisc, ullmhachta agus freagartha**, sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais.

Leasú 32

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) Níl Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE solúbtha a dóthain le go mbeidh an tAontas in ann infheistíochtaí i gcosc, ullmhacht agus freagairt a choigeartú go cuí agus, ar an ábhar sin, scriostar í. Ní mór a chinneadh roimh ré cé na leibhéil infheistíochta atá le leithdháileadh ar chéimeanna éagsúla an timthrialla i leith bainistiú riosca tubaiste. Fágann an easpa solúbthachta sin nach mbíonn an tAontas in ann freagairt chuí a thabhairt ar thubaistí, toisc nach féidir iad a thuar.

Leasú 33

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 25 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

scriosta

Leasú

(25a) Le linn phaindéim COVID-19,

chun go mbeadh acmhainneachtaí rescEU ag feidhmiú agus chun go mbeadh an Sásra Aontais in ann freagairt go héifeachtach do riachtanais shaoránaigh an Aontais, tá leithreasáí airgeadais breise curtha ar fáil chun gníomhaíochtaí faoin Sásra Aontais a mhaoiniú. Tá sé tábhachtach an tsolúbthacht is gá a thabhairt don Aontas ionas go mbeidh sé in ann freagairt go héifeachtach do chineál dothuartha tubaistí, agus ag an am céanna intuarthacht áirithe a choinneáil i gcomhlíonadh na gcuspóirí a leagtar amach sa Chinneadh seo. Tá sé tábhachtach an chothromaíocht is gá a bhaint amach i gcomhlíonadh na gcuspóirí sin. Chun na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le tosaíochtaí an tSásra Aontais athchóirithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún.

Leasú 34

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 1 – mír 2

An téacs atá ann

2. Is iad na daoine go príomha a chumhdófar leis an gcosaint atá le háiritiú faoi Shásra an Aontais, ach chomh maith leis sin cumhdófar an comhshaol agus maoin, lena n-áirítear gach cineál oidhreachtachta cultúrtha, i gcoinne gach cineáil tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine, lena n-áirítear iarmhairtí gníomhartha sceimhlitheoireachta, tubaistí teicneolaíocha, raideolaíocha nó

Leasú

(-1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is iad na daoine go príomha a chumhdófar leis an gcosaint atá le háiritiú faoi Shásra an Aontais, ach chomh maith leis sin cumhdófar an comhshaol agus maoin, lena n-áirítear gach cineál oidhreachtachta cultúrtha, i gcoinne gach cineáil tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine, lena n-áirítear iarmhairtí gníomhartha sceimhlitheoireachta, tubaistí teicneolaíocha, raideolaíocha nó

comhshaoil, muirthruailliú agus géar-éigeandálaí sláinte, a tharlóidh laistigh nó lasmuigh den Aontas.

comhshaoil, muirthruailliú, **éagobhsaíocht hidrigeolaíoch** agus géar-éigeandálaí sláinte, a tharlóidh laistigh nó lasmuigh den Aontas. I gcás iarmhairtí gníomhartha sceimhlitheoireachta nó tubaistí raideolaíocha, ní féadfaidh an Sásra Aontais ach gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha amháin a chumhdach.'

Leasú 35

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 1 – mír 3

An téacs atá ann

3. Cuirfidh Sásra an Aontais dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit chun cinn le comhar agus comhordú praiticiúil, gan dochar do phríomhfhreagracht na mBallstát daoine, mar atá an comhshaoil, agus maoin a chosaint, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha, ar a gcríoch i ar thubaistí agus a cumas leordhóthanach a thabhairt dá gcórais bainistithe tubaistí chun gur féidir leo déileáil go himleor agus go comhsheasmhach le tubaistí de nádúr agus méid ar féidir a bheith ag súil leo agus ullmhaithe lena n-aghaidh go réasúnta.

Leasú 36

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 b (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 3 – mír 1 – point c

An téacs atá ann

Leasú

(-1a) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfidh Sásra an Aontais dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit chun cinn le comhar agus comhordú praiticiúil, gan dochar do phríomhfhreagracht na mBallstát daoine, an comhshaoil, **talamh** agus maoin a chosaint, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha, ar a gcríoch, ar thubaistí agus cumas leordhóthanach a thabhairt dá gcórais bainistithe tubaistí a mbeadh inniúlachtaí a ndóthain acu chun gur féidir leo déileáil go himleor agus go comhsheasmhach le tubaistí, **agus iad a chosc**, ar tubaistí iad de nádúr agus méid ar féidir a bheith ag súil leo agus ullmhaithe lena n-aghaidh go réasúnta.

Leasú

(-1b) In Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

(c) freagairt thapa agus éifeachtach a éascú i gcás tubaistí nó tubaistí atá ar tí tarlú, lena n-áirítear *trí bhearta a dhéanamh chun iarmhairtí láithreacha na dtubaistí sin a mhaolú;*

Leasú 37

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

‘(c) freagairt thapa agus éifeachtach a éascú i gcás tubaistí nó tubaistí atá ar tí tarlú, lena n-áirítear *trí dheireadh a chur le haon bhacainní de chineál maorlathach.*’

Leasú

(1a) *In Airteagal 4, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

“4a. Ciallaíonn 'sriocanna an Aontaismaidir le hathléimneacht ó thubaistí' cuspóirí a bunaíodh chun tacú le gníomhaíochtaí coisctheacha agus ullmhachta chun feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát éifeachtaí tubaiste atá ina cúis le héifeachtaí trasteorann nó a d’fhéadfadh a bheith ina cúis le héifeachtaí trasteorann a sheasamh, chun bonnlíne choiteann a chur ar fáil maidir le feidhmeanna sochaíocha criticiúla a chaomhnú, in ainneoin éifeachtaí tubaiste den chineál sin, agus chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach i gceart i gcomhthéacs den sórt sin;”

Leasú 38

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 b (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 5 – mír 1 – point c

An téacs atá ann

(c) forléargas trasearnálacha agus léarscáil de rioscaí tubaiste nádúrtha agus

Leasú

(1b) *In Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*

“(c) forléargas trasearnálacha agus léarscáil de rioscaí tubaiste nádúrtha agus

de dhéanamh an duine arbh fhéidir go mbeadh ar an Aontas déileáil leo a bhunú agus a nuashonrú go tráthrialta, trí chur chuige comhleanúnach a ghlacadh sna réimsí beartais difriúla lenarbh fhéidir aghaidh a thabhairt ar chosc tubaistí, nó difear a dhéanamh dó, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair is dócha a bheadh ag athrú aeráide;

de dhéanamh an duine a bhunú agus a nuashonrú go tráthrialta, *lena n-áirítear tubaistí ar cúis iad le héifeachtaí trasteorann nó ar féidir leo a bheith ina gcúis le héifeachtaí trasteorann*, a d'fhéadfadh a bheith i ndán don Aontas, trí chur chuige comhleanúnach a ghlacadh sna réimsí beartais difriúla lenarbh fhéidir aghaidh a thabhairt ar chosc tubaistí, nó difear a dhéanamh dó, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair is dócha a bheadh ag athrú aeráide;”

Leasú 39

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 c (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 5 – mír 1 – pointe h

An téacs atá ann

(h) an úsáid a bhaintear as cistí Aontais *éagsúla* a d'fhéadfadh tacú le cosc inbhuanaithe tubaistí a chur chun cinn agus na Ballstáit agus na réigiúin a spreagadh chun na deiseanna cistithe sin a shaothrú;

Leasú 40

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 6 – mír 1 – point c

An téacs atá ann

(c) an phleanáil a dhéanann siad maidir le bainistiú rioscaí tubaistí a fhorbairt agus a bheachtú tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fonáisiúnta

Leasú

(1c) In Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

“(h) an úsáid a bhaintear as cistí Aontais a d'fhéadfadh tacú le cosc inbhuanaithe tubaistí, *lena n-áirítear tubaistí de bharr éagobhsaíocht hidrigeolaíoch a chosc*, a chur chun cinn agus na Ballstáit agus na réigiúin a spreagadh chun na deiseanna cistithe sin a shaothrú;”

Leasú

(-a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) an phleanáil a dhéanann siad maidir le bainistiú rioscaí tubaistí a fhorbairt agus a bheachtú tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fonáisiúnta

iomchuí;

iomchuí, *lena n-áirítear maidir le comhar trasteorann, agus spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus na rioscaí a bhaineann le tubaistí is cúis le héifeachtaí trasteorann nó ar féidir leo a bheith ina gcúis leo á gcur san áireamh;*”

Leasú 41

Togra le haghaidh Cinnidh Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe -a a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 6 – mír 1 – point d

An téacs atá ann

(d) achoimre ar eilimintí ábhartha na measúnuithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chur ar fáil don Choimisiún, ag díriú ar na príomhrioscaí. I gcás príomhrioscaí a bhfuil tionchair trasteorann acu chomh maith le rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit cur síos ar bhearta tosaíochta maidir le cosc agus ullmhacht. Cuirfear an achoimre ar fáil don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2020 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin agus i gcás ina mbeidh athruithe tábhachtacha ann;

Leasú 42

Togra le haghaidh Cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 6 – mír 1 – poine f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) bailiú sonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí, a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fo-náisiúnta iomchuí chun cruthú creatlaí cáis ar bhonn

Leasú

(-aa) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) achoimre ar eilimintí ábhartha na measúnuithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chur ar fáil don Choimisiún, ag díriú ar na príomhrioscaí. I gcás príomhrioscaí lena mbaineann tionchair thrasteorann *agus rioscaí a bhaineann le tubaistí ar cúis iad le héifeachtaí trasteorann nó ar féidir leo a bheith ina gcúis le héifeachtaí trasteorann*, agus, i gcás inarb iomchuí, rioscaí lena ngabhann dóchúlacht ard, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar bhearta tosaíochta maidir le cosc agus le hullmhacht. Cuirfear an achoimre ar fáil don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2020 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin agus i gcás ina mbeidh athruithe tábhachtacha ann;

Leasú

(f) bailiú sonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí, a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fo-náisiúnta iomchuí chun cruthú creatlaí cáis ar bhonn

fianaise dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a áirithiú.;

Leasú 43

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. **Saineoidh** an Coimisiún spriocanna athléimneachta an Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht. Áiritheofar leis na spriocanna athléimneachta, bonnlíne choiteann maidir le feidhmeanna criticiúla na sochaí a choinneáil ar bun, mar chosaint ar éifeachtaí cascáideacha de dheasca tubaiste lena ngabhann tionchar mór agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Beidh na spriocanna bunaithe ar chásanna réamhbhreathnaitheacha, lena n-áirítear tionchair an athraithe aeráide ar an riosca tubaiste, sonraí faoi theagmhais atá thart agus measúnú tionchair trasearnála ina dtugtar aird faoi leith ar dhaoine leochaileacha.

fianaise dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a áirithiú, **go háirithe nuair a bhíonn bearnaí sna cumais trasteorann freagairt do thubaistí á sainaitheint.**

Leasú

5. **Faoi... [18 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh leasaithe seo],** glacfaidh an Coimisiún **gníomhartha tarmhligthe i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Cinneadh seo a fhorlónadh trí spriocanna Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí a bhunú** chun tacú le gníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht. Áiritheofar leis na spriocanna athléimneachta, bonnlíne choiteann maidir le feidhmeanna criticiúla na sochaí a choinneáil ar bun, mar chosaint ar éifeachtaí cascáideacha de dheasca tubaiste lena ngabhann tionchar mór agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Beidh na spriocanna **sin** bunaithe ar chásanna réamhbhreathnaitheacha, lena n-áirítear tionchair an athraithe aeráide **agus cailliúint na bithéagsúlachta** ar an riosca tubaiste, sonraí faoi theagmhais atá thart agus measúnú tionchair trasearnála **agus anailís ar an tionchar sóisialta fadtéarmach ar na réigiúin lena mbaineann,** ina dtugtar aird faoi leith ar dhaoine leochaileacha. **Agus spriocanna maidir le hathléimneacht ar thubaistí á ndruchtú aige, díreoidh an Coimisiún go sonrath ar thubaistí a tharlaíonn arís agus arís eile i réigiúin na mBallstát agus molfaidh sé do na húdaráis náisiúnta bearta nithiúla a dhéanamh, lena n-áirítear iad siúd atá le cur chun feidhme trí chistí an Aontais a úsáid, chun an teacht aniar in aghaidh géarchéimeanna a neartú.**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún i gcás inar gá, gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun spriocanna athléimneachta an Aontais a shainiú.”;

Leasú 44

**Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfaidh ERCC go háirithe freagairt d'éigeandálaí ar leibhéal an Aontais a chomhordú, déanfaidh sé faireachán ar an bhfreagairt agus tacóidh sé léi i bhfíor-am. Oibreoidh ERCC i ndlúth-theagmháil leis na córais náisiúnta ghéarchéime le comhlachtaí cosanta sibhialta agus le comhlachtaí ábhartha an Aontais.

Leasú 45

**Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 8 – pointe (c) – fleasc 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- chun córais braite agus rabhaidh ar leibhéal trasnáisiúnta a fhorbairt ar leas an Aontais;

Leasú 46

**Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 8 – pointe (c) – fleasc 3 a (nua)**

Leasú

Déanfaidh ERCC go háirithe freagairt d'éigeandálaí ar leibhéal an Aontais a chomhordú, déanfaidh sé faireachán ar an bhfreagairt agus tacóidh sé léi i bhfíor-am. Oibreoidh ERCC i ndlúth-theagmháil leis na córais náisiúnta ghéarchéime le comhlachtaí cosanta sibhialta, ***le grúpaí deonacha ar leibhéal an phobail*** agus le comhlachtaí ábhartha an Aontais.

Leasú

- córais bhraite thrasnáisiúnta agus córais ***luath***rabhaidh chun leas an Aontais a fhorbairt ***chun éifeachtaí láithreacha tubaistí nó paindéime ar shaol an duine a mhaolú***;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

- *chun cúnamh oiliúna teicniúla a sholáthar do phobail áitiúla chun a gcumais a fheabhsú maidir lena gcéad fhreagairt gan chúnamh ar ghéarchéim;*

Leasú 47

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 9 – mír 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) In Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'10a. Déanfaidh na Ballstáit na gníomhaíochtaí iomchuí chun a áirithiú go bhfuil na chéad fhreagróirí feistithe agus ullamh i gceart chun freagairt d'aon chineál tubaiste dá dtagraítear in Airteagal 1.'

Leasú 48

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun feabhas a chur ar an bpleanáil athléimneachta trasearnála, le haghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine araon a bhféadfadh éifeacht trasteorann a bheith acu, lena n-airítear éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Áireofar leis an bpleanáil athléimneachta, cruthú creatlaí cáis ar leibhéal an Aontais le haghaidh cosc agus freagairt do thubaistí bunaithe ar na measúnuithe riosca dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6(1) agus ar fhorléargas ar na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (c)

1. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun feabhas a chur ar an bpleanáil athléimneachta trasearnála, le haghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine araon a bhféadfadh éifeacht trasteorann a bheith acu, lena n-airítear éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide **agus minicíocht mhéadaitheach falscaithe trasteorann**. Áireofar leis an bpleanáil athléimneachta, cruthú creatlaí cáis ar leibhéal an Aontais le haghaidh cosc agus freagairt do thubaistí bunaithe ar na measúnuithe riosca dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6(1) agus ar fhorléargas ar

d’Airteagal 5(1), ar an bpleanáil a dhéantar i dtaca le bainistiú rioscaí tubaistí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 6(1), ar shonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 6(1), ar shócmhainní a mhapáil agus ar phleananna a fhorbairt chun acmhainneachtaí freagartha a imscaradh, ag cur san áireamh spriocanna an Aontais maidir leis an athléimneacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 5(1), ar an bpleanáil a dhéantar i dtaca le bainistiú rioscaí tubaistí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 6(1), ar shonraí ar a gcailltear de dheasca tubaistí dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 6(1), ar shócmhainní a mhapáil agus ar phleananna a fhorbairt chun acmhainneachtaí freagartha a imscaradh, ag cur san áireamh spriocanna an Aontais maidir leis an athléimneacht dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

Leasú 49

Togra le haghaidh Cinnidh Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Sainaitheoidh agus cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit sineirgíochtaí chun cinn idir cúnamh cosanta sibhialta agus cistiú le haghaidh cabhair dhaonnúil arna gcur ar fáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit agus oibríochtaí freagartha le haghaidh géarchéimeanna daonnúla i ndáil le hathléimneacht ó thubaistí lasmuigh den Aontas, á bpleanáil.”;

Leasú 50

Togra le haghaidh Cinnidh Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ar bhonn na rioscaí a shainaitheofar, na spriocanna athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5), chruthú creatlaí cáis dá

Leasú

2. Sainaitheoidh agus cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit sineirgíochtaí chun cinn idir cúnamh cosanta sibhialta agus cistiú le haghaidh cabhair dhaonnúil arna gcur ar fáil ag an Aontas agus ag na Ballstáit agus oibríochtaí freagartha le haghaidh géarchéimeanna daonnúla i ndáil le hathléimneacht ó thubaistí lasmuigh den Aontas á bpleanáil, ***i gcomhairle le gníomhaithe daonnúla lena n-áirítear gníomhaithe áitiúla agus údaráis áitiúla aon uair is féidir.***

Leasú

2. Ar bhonn na rioscaí a shainaitheofar, ***na n-acmhainneachtaí foriomlána, na mbearnaí agus aon spriocanna de chuid an Aontais atá ann***

dtagraítear in Airteagal 10(1) *na n-acmhainneachtaí foriomlána agus na mbearnaí, saineoidh* an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh *i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2)*, cineálacha agus líon na bpríomh-acmhainneachtaí freagartha is gá don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (“spriocanna acmhainneachta”).

cheana maidir le hathléimneacht ó thubaistí dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus ar bhonn aon fhorbairt cásanna *amhail* dá dtagraítear in Airteagal 10(1), déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cineálacha na bpríomhacmhainneachtaí freagartha is gá don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (“spriocanna acmhainneachta”) *a shainiú* agus a líon *a shonrú*. *Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2)*.

Leasú 51

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 8 – pointe a
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. *Saineoidh* an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme *arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2)*, na hacmhainneachtaí a bheidh in rescEU, bunaithe ar *na* spriocanna athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5), ar an gcruathú creatlaí cáis dá dtagraítear in Airteagal 10(1), ag cur san áireamh rioscaí arna sainaitheint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus acmhainneachtaí agus bearnaí foriomlána ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí aerchomhrac na ndóiteán foraoise, na dteagmhas ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach agus na práinnfhreagartha leighis.

Leasú

2. *Bunóidh an Coimisiún, laistigh de mhoil lóistíochta, cúlchistí Eorpacha frithbheart agus trealaimh leighis lena n-áireofaí na frithbhearta leighis a fhreagraíonn do theagmhais ar dhóchúlacht íseal lena ngabhann ardtionchar*. *Saineoidh* an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na hacmhainneachtaí a bheidh in rescEU, bunaithe *inter alia* ar *aon spriocanna athléimneachta de chuid an Aontais atá ann cheana féin* dá dtagraítear in Airteagal 6(5), agus *ar aon chreatlaí cáis reatha* dá dtagraítear in Airteagal 10(1), ag cur san áireamh rioscaí arna sainaitheint agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus acmhainneachtaí agus bearnaí foriomlána ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí aerchomhrac na ndóiteán foraoise, *crith talún agus tarrtháil tuilte*, na dteagmhais ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach agus na práinnfhreagartha leighis. *Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá*

dtagraítear in Airteagal 33(2). Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis faoi líon agus aicmiú acmhainneachtaí rescEU a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar fáil go díreach d’institiúidí eile an Aontais.

Leasú 52

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 8 – pointe a
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

I gcás acmhainneachtaí atá tiomnaithe do fhreagairt d’éigeandálaí leighis, amhail stoc-charn straitéiseach, foirne leighis éigeandála agus aon acmhainneachtaí ábhartha eile, áiritheoidh an Coimisiún go mbainfear comhordú agus sineirgí éifeachtacha amach le clár agus cistí eile de chuid an Aontais agus go háirithe leis an gclár sláinte EU4Health agus le gníomhaithe ábhartha de chuid an Aontais agus le gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta.

^{1a} *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (“Clár Sláinte AE4”), (COM(2020)0405).*

Leasú 53

Togra le haghaidh Cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 8 – pointe a
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Is é an Coimisiún nó na Ballstáit a dhéanfaidh acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós, ar léas nó a fháil ar conradh ar shlí eile. Féadfaidh an Coimisiún acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós ar léas nó ar conradh ar shlí eile chun soláthairtí a stocáil agus a dháileadh nó chun seirbhísí a chur ar fáil do na Ballstáit, trí nósanna imeachta soláthair i gcomhréir le rialacha airgeadais an Aontais. I gcás ina bhfaighidh na Ballstáit acmhainneachtaí rescEU, ina bhfaighidh siad iad ar cíós, ar léas nó ar conradh ar shlí eile, féadfaidh an Coimisiún deontais dhíreacha a dhámhachtain ar na Ballstáit gan glao ar thograí.

Is é an Coimisiún nó na Ballstáit a dhéanfaidh acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós, ar léas nó a fháil ar conradh ar shlí eile. Féadfaidh an Coimisiún acmhainneachtaí rescEU a fháil, a fháil ar cíós ar léas nó ar conradh ar shlí eile chun soláthairtí *ardcháilíochta* a stocáil agus a dháileadh nó chun seirbhísí a chur ar fáil do na Ballstáit, trí nósanna imeachta soláthair i gcomhréir le rialacha airgeadais an Aontais. ***I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún acmhainneachtaí rescEU, coinneoidh sé úinéireacht na n-acmhainneachtaí sin fiú nuair a dháiltear ar na Ballstáit iad. I gcás ina ndéanann an Coimisiún acmhainneachtaí rescEU a fháil ar cíós, a léasú nó a fháil ar conradh ar shlí eile, beidh smacht iomlán ag an gCoimisiún ar na hacmhainneachtaí sin. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún acmhainneachtaí neamh-inathúsáidte, féadfaidh sé úinéireacht na n-acmhainneachtaí sin a aistriú chuig an mBallstát iarrthach.*** I gcás ina bhfaighidh na Ballstáit acmhainneachtaí rescEU, ina bhfaighidh siad iad ar cíós, ar léas nó ar conradh ar shlí eile, féadfaidh an Coimisiún deontais dhíreacha a dhámhachtain ar na Ballstáit gan glao ar thograí.

Leasú 54

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 8 – pointe a

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil ag na Ballstáit a fhaigheann na hacmhainneachtaí sin, a fhaigheann ar cíós nó ar léas iad, nó a fhaigheann ar conradh ar shlí eile iad. Ní mór acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann an Coimisiún, a fhaigheann an Coimisiún ar cíós nó ar léas nó ar conradh ar shlí eile, a shuíomh go

Leasú

Beidh acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil ag na Ballstáit a fhaigheann na hacmhainneachtaí sin, a fhaigheann ar cíós nó ar léas iad, nó a fhaigheann ar conradh ar shlí eile iad. Ní mór acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann an Coimisiún, a fhaigheann an Coimisiún ar cíós nó ar léas, nó ar conradh ar shlí eile, a shuíomh go

straitéiseach roimh ré laistigh den Aontas chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú.

I gcomhairle leis na Ballstáit, féadfar acmhainneachtaí rescEU a fhaigheann an Coimisiún, a fhaigheann sé ar cíos, ar léas nó ar conradh ar shlí eile, féadfar iad a lonnú i dtríú tíortha trí líonraí iontaofa arna mbainistiú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

Leasú 55

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 12 – mír 5

An téacs atá ann

5. Ballstát ***ar leis*** acmhainneachtaí rescEU, ***a fhaigheann ar cíos iad nó a léasaíonn iad***, áiritheoidh sé go ndéanfar na hacmhainneachtaí sin a chlárú in CECIS, agus áiritheoidh sé infhaighteacht agus in-imscaithacht na n-acmhainneachtaí sin le haghaidh oibríochtaí an tSásra Aontais.

Ní fhéadfar acmhainneachtaí rescEU a úsáid ach amháin chun críocha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 23(4a) nuair nach n-úsáidtear iad nó nach bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí freagartha faoin Sásra Aontais.

Bainfear úsáid as acmhainneachtaí rescEU i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi phointe (g) d'Airteagal 32(1) agus le conarthaí oibríochtúla idir an Coimisiún agus an Ballstát ar leis na hacmhainneachtaí sin, a fhaigheann ar cíos iad nó a léasaíonn iad, ina sonrú tuilleadh téarmaí agus coinníollacha imscartha acmhainneachtaí rescEU, lena n-áirítear pearsanra a bheidh rannpháirteach.

straitéiseach roimh ré laistigh den Aontas chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú.

Leasú

(aa) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. ***An Coimisiún nó an*** Ballstát ar leis acmhainneachtaí rescEU, ***a fhaigheann ar cíos iad nó a léasaíonn iad nó atá conarthach maidir leo ar bhealach eile***, áiritheoidh sé go ndéanfar na hacmhainneachtaí sin a chlárú in CECIS, agus áiritheoidh sé infhaighteacht agus in-imscaithacht na n-acmhainneachtaí sin le haghaidh oibríochtaí an tSásra Aontais.

Ní fhéadfar acmhainneachtaí rescEU a úsáid ach amháin chun críocha náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 23(4a), nuair nach n-úsáidtear iad nó nach bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí freagartha faoin Sásra Aontais.

Bainfear úsáid as acmhainneachtaí rescEU i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi phointe (g) d'Airteagal 32(1) agus le conarthaí oibríochtúla idir an Coimisiún agus an Ballstát ar leis na hacmhainneachtaí sin, a fhaigheann ar cíos iad nó a léasaíonn iad, ina sonrú tuilleadh téarmaí agus coinníollacha imscartha acmhainneachtaí rescEU, lena n-áirítear pearsanra a bheidh rannpháirteach.

Leis na téarmaí agus coinníollacha a shonraítear sna conarthaí oibríochtúla, áiritheofar freisin go mbeidh acmhainneachtaí rescEU á n-úsáid i gcomhréir leis an gCinneadh seo, go sonrach leis na ceanglais chun acmhainneachtaí rescEU a chur ar fáil mar a leagtar síos i mír 6 den Airteagal seo agus leis na cuspóirí ginearálta mar a leagtar síos in Airteagal 1. Sonrófar sna téarmaí agus coinníollacha sin freisin na bearta a bheidh le déanamh i gcás neamhchomhlíonta chun úsáid iomchuí chistiú an Aontais a choimirciú.'

Leasú 56

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 12 – mír 10 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

féadfar acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas i gcomhréir le míreanna 6 go 9 den Airteagal seo.

Leasú

féadfar acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas i gcomhréir le míreanna 6 go 9 den Airteagal seo. ***Cuirfidh an Coimisiún forálacha sonracha i bhfeidhm chun cuntasacht agus úsáid cheart acmhainneachtaí rescEU i dtríú tíortha a ráthú, lena n-áirítear foráil a dhéanamh maidir le rochtain ag oifigigh rialaithe an Aontais. Áiritheofar infheictheacht an tSásra Aontais i dtríú tíortha i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 20a den Chinneadh seo.***

Leasú 57

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8a) Sa dara fomhír d'Airteagal 13(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(fa) acmhainneachtaí de shaineolas sonrach freagartha a chruthú, ar féidir iad a úsáid i gcás tubaistí a dhéanann difear don oidhreacht chultúrtha.'

Leasú 58

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 15 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) faisnéis bhailíochtaithe faoin gcás a bhailiú, agus anailísiú a dhéanamh uirthi i gcomhar leis an mBallstát atá buailte, d'fhonn feasacht **staide** choiteann a bhunú agus an fhaisnéis sin a scaipeadh ar na Ballstáit;

Leasú 59

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 16 – mír 2

An téacs atá ann

2. Féadfar idirghabhálacha faoin Airteagal seo a dhéanamh mar idirghabháil fhéinrialaitheach cúnaimh nó trí chur le hidirghabháil atá á treorú ag eagraíocht idirnáisiúnta. Beidh comhordú an Aontais comhtháite go hiomlán leis an gcomhordú foriomlán atá á sholáthar ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA), agus tabharfar meas ar a ról ceannaireachta. I gcás tubaistí de dhéantús an duine nó éigeandálaí casta, áiritheoidh an Coimisiún comhsheasmhacht leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil agus urraim do phrionsabail dhaonnúla.

Leasú

(b) faisnéis bhailíochtaithe faoin gcás a bhailiú, agus anailísiú a dhéanamh uirthi i gcomhar leis an mBallstát atá buailte, d'fhonn feasacht choiteann **maidir leis an suíomh** a bhunú, agus í a scaipeadh **go díreach** ar na Ballstáit;

Leasú

(9a) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Féadfar idirghabhálacha faoin Airteagal seo a dhéanamh mar idirghabháil fhéinrialaitheach cúnaimh nó trí chur le hidirghabháil atá á treorú ag eagraíocht idirnáisiúnta. Déanfar comhordú an Aontais a chomhtháthú go hiomlán leis an gcomhordú foriomlán arna sholáthar ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA), agus déanfaidh comhordú an Aontais ról ceannasach OCHA a urramú. I gcás tubaistí de dhéantús an duine nó éigeandálaí casta, rachaidh an Coimisiún, **aon uair is féidir, i gcomhairle le gníomhaithe daonnúla lena n-áirítear gníomhaithe áitiúla agus**

comhsheasmhacht leis an gComhdhearcaidh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, agus urraim do phrionsabail dhaonnúla a áirithiú aige.”

Leasú 60

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ar iarraidh ar shaineolas ar an gcosc i gcomhréir le hAirteagal 5(2);

Leasú

(a) ar iarraidh ar shaineolas ar an gcosc i gcomhréir le hAirteagal 5(2), **go háirithe i gcás paidéime;**

Leasú 61

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 17 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ar iarraidh ar shaineolas ullmhachta i gcomhréir le hAirteagal 13(3);

Leasú

(b) ar iarraidh ar shaineolas ar an gcosc i gcomhréir le hAirteagal 13(3), **go háirithe i gcás paidéime;**

Leasú 62

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 18 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) ábhar cartagrafach a fhorbairt le haghaidh imscaradh agus slógadh mear acmhainní, go háirithe i bhfianaise shainiúlachtaí na réigiún trasteorann chun críche rioscaí trasteorann amhail falscaithe;

Leasú 63

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 19 – mír 3 – fómhír 1

An téacs atá ann

D'fhéadfadh go gcumhdófaí sa leithdháileadh airgeadais dá dtagraítear i **mír 1** costais a bhaineann le gníomhartha ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta chomh maith, is gá le haghaidh bhainistiú Shásra an Aontais agus a chuspóirí a ghnóthú.

Leasú

(ba) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais dá dtagraítear i **míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo agus in Airteagal 19a** speansais a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, arna gceangal chun an Sásra Aontais a bhainistiú agus chun a chuspóirí a ghnóthú."

Leasú 64

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b b (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 19 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(bb) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"3a. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo agus in Airteagal 19a chun gníomhaíochtaí i dtaca le cosc ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine, i dtaca le hullmhú agus freagairt dóibh, a chumhdach."

Leasú 65

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – fómhír 12 – pointe c

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

scriosta

‘4. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun gníomhaíochtaí i dtaca le cosc ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine, i dtaca le hullmhú agus freagairt dóibh, a chumhdach.’;

Leasú 66

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 19 – mír 4

An téacs atá ann

Leasú

4. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1, thar an tréimhse 2014-2020, de réir na gcéatadán **agus** na bprionsabal a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

(ca) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh, thar an tréimhse 2014-2020, i gcomhréir leis na céatadán **a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I agus leis na** prionsabail a leagtar amach **i bpointe 3 den** Iarscríbhinn **sin**";

Leasú 67

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c b (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 19 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(cb) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“4a. Déanfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal seo agus in Airteagal 19a a

leithdháileadh, thar an tréimhse 2021-2027, i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I agus leis na prionsabail a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn sin."

Leasú 68

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 19 – míreanna 5 agus 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) scriostar mír 5 agus mír 6. scriosta

Leasú 69

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 19 – mír 5

An téacs atá ann

Leasú

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an miondealú a leagtar amach in Iarscríbhinn I i gcomhthéacs thoradh na meastóireachta *eatramhaí* dá dtagraítear **i bpointe (a) d'Airteagal 34(2)**. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcás inar gá i gcomhthéacs *thorthaí na meastóireachta sin*, i gcomhréir le hAirteagal 30, chun gach ceann de na figiúirí in Iarscríbhinn I a choigeartú breis is **8 bpointe céatadáin agus suas le 16** pointe céatadáin. *Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2017.*

(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5

"5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an miondealú a leagtar amach in Iarscríbhinn I i bhfianaise thoradh na meastóireachta dá dtagraítear **in** Airteagal **34(3)**. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcás inar gá i bhfianaise **imeachtaí gan choinne a dhéanann difear d'fhorghníomhú an bhuiséid nó i bhfianaise bhunú acmhainneachtaí rescEU**, i gcomhréir le hAirteagal 30 **chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I** chun coigeartú a dhéanamh ar na figiúirí i **bpointí 1 agus 2** d'Iarscríbhinn I faoi bhreis is **10** bpointe céatadáin."

Leasú 70

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d b (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 19 – mír 6

An téacs atá ann

6. I gcás athbhreithniú ar na hacmhainneachtaí buiséadacha atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha riachtanach, nuair is gá sin de bharr mórfhorais phráinne, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun gach ceann de na figiúirí in Iarscríbhinn I a choigeartú os cionn **8 bpointe céatadán agus suas le 16** phointe céatadán, laistigh de na leithdháiltí buiséadacha atá ar fáil **agus** i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31.

Leasú 71

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d c (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 19 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(db) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Más rud é, i gcás athbhreithniú riachtanach ar na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí freagartha, go n-éilítear é sin ar mhórchúiseanna práinne, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh **i gcomhréir le hAirteagal 30 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I chun** coigeartú a dhéanamh ar na figiúirí i **bpointí 1 agus 2** d’Iarscríbhinn I faoi bhreis is **10** bpointe céatadán, laistigh de na leithdháiltí buiséadacha atá ar fáil agus i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31.”;

Leasú

(dc) In Airteagal 19, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6a. Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla atá ar fáil gan dochar d’fhorálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. .../... ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 agus Comhaontú Idirinstiúideach an ... 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais.”

Leasú 72

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 19a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Tionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch] faoin gcinneadh seo chun feidhme **trí na méideanna** dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagail 4(4) agus (8) de.

Leasú

Cuirfear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [Tionscnamh Athléimneachta Eacnamaíoch] faoin gcinneadh seo chun feidhme **le méid EUR 2 187 620 000 i bpraghsanna reatha** dá dtagraítear i bpointe (iv) d'Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, faoi réir Airteagail 4(4) agus (8) de.

Leasú 73

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 20a – mír 1 – fómhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh an infheictheacht iomchuí ag gabháil i ndáil le haon chúnamh nó le haon chistiú a chuirtear ar fáil faoin gCinneadh seo. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar leis an gcumarsáid phoiblí i dtaca le hoibríochtaí arna gcistiú faoi Shásra an Aontais an méid seo a leanas:

Leasú

Beidh an infheictheacht iomchuí **i gcomhréir leis na treoirlínte sonracha a d'eisigh an Coimisiún i gcomhair idirghabhálacha speisialta** ag gabháil i ndáil le haon chúnamh nó le haon chistiú a chuirtear ar fáil faoin gCinneadh seo. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar leis an gcumarsáid phoiblí i dtaca le hoibríochtaí arna gcistiú faoi Shásra an Aontais an méid seo a leanas:

Leasú 74

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 12d – mír 1 – fómhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

I gcás ina n-úsáidtear acmhainneachtaí rescEU chun críocha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(5), déanfaidh na Ballstáit, trí na modhanna céanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, aitheantas a thabhairt d'fhoinse na n-acmhainneachtaí sin agus infheictheacht a áirithiú maidir le cistiú an Aontais a úsáidtear chun na hacmhainneachtaí sin a fháil.

Leasú 75

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 21 – mír 1 – pointe h

An téacs atá ann

(h) tacú leis na gníomhartha ullmhachta a thuairiscítear in Airteagal 13;

Leasú

(aa) In Airteagal 21(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) tacú leis na gníomhartha ullmhachta a thuairiscítear in Airteagal 13, go háirithe trí na líonraí oiliúna atá ann cheana agus sineirgí eatarthu a neartú, agus cruthú líonraí nua le béim ar réitigh nuálacha agus rioscaí agus dúshláin nua a chothú;

Leasú 76

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfar an cúnamh airgeadais dá dtagraítear sa mhír seo a chur chun feidhme trí chlár oibre ilbhliantúla. I gcás gníomhaíochtaí a mhaireann níos faide ná bliain amháin, féadfar na leithreasuithe buiséadacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla.”;

Leasú

scriosta

Leasú 77

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 25 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais ón Aontas chun feidhme *i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais* nó tríd an mbainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(c) den Rialachán Airgeadais.

Leasú

2. Déanfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais an Aontais a chur chun feidhme i mbainistiú díreach *i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046* nó i mbainistiú indíreach *leis na* comhlachtaí dá dtagraítear *i bpointe (c)* d'Airteagal 62(1) den Rialachán *sin. Agus an modh lena gcuirfear an tacaíocht airgeadais chun feidhme á roghnú, ba cheart tús áite a thabhairt do bhainistiú díreach. I gcás ina bhfuil údar cuí ann de bharr chineál agus ábhar na gníomhaíochta lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún bainistiú indíreach a úsáid. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Cinneadh seo a fhorlíonadh trí ghníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Sásra Aontais a leagan síos, a fhéadfar a chur chun feidhme trí bhainistiú indíreach.*

Leasú 78

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 25 – mír 4 – fómhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla *nó ilbhliantúla*, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). Leagfar amach sna cláir oibre bhliantúla *nó ilbhliantúla* na cuspóirí

Leasú

Chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún cláir bhliantúla oibre a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). Leagtar amach sna cláir oibre bhliantúla na cuspóirí arna saothrú,

arna saothrú, na torthaí a bhfuil súil leo, an modh cur chun feidhme agus an tsuim iomlán. Cuimseofar iontu freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus tráthchlár cur chun feidhme táscach. I dtaca leis an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tabharfar tuairisc sna cláir oibre bhliantúla **nó ibhliantúla** ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do na tíortha dá dtagraítear iontu.

Leasú 79

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 25 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Mar sin féin, ní bheidh gá le **cláir** oibre bhliantúla **nó ibhliantúla** ar bith le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfreagairt do thubaistí a leagtar síos i gCaibidil IV, nach féidir foráil a dhéanamh ina leith roimh ré.

Leasú 80

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 25 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, tabharfar anonn go huathoibríoch na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh sa bhuiséad bliantúil iad agus féadfar iad a ghealladh agus a íoc go dtí an 31 Nollaig den bhliain dár gcionn. Ní úsáidfear na leithreasuithe a tugadh anonn **ach amháin** le haghaidh gníomhaíochtaí

na torthaí a bhfuil súil leo, an modh cur chun feidhme agus an tsuim iomlán. Cuimseofar iontu freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus tráthchlár cur chun feidhme táscach. I dtaca leis an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tabharfar tuairisc sna cláir oibre bhliantúla ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do na tíortha dá dtagraítear iontu.

Leasú

Mar sin féin, ní bheidh gá le clár oibre bhliantúil ar bith le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfreagairt do thubaistí a leagtar síos i gCaibidil IV, nach féidir foráil a dhéanamh ina leith roimh ré.

Leasú

5. Sa bhreis ar Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, tabharfar anonn go huathoibríoch na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh sa bhuiséad bliantúil iad agus féadfar iad a ghealladh agus a íoc go dtí an 31 Nollaig den bhliain dár gcionn. Úsáidfear na leithreasuithe a tugadh anonn le haghaidh gníomhaíochtaí **coisc**,

freagartha. Is iad na leithreasuithe a tugadh anonn is túsce a úsáidfeadh sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

ullmhachta agus freagartha. Is iad na leithreasuithe a tugadh anonn is túsce a úsáidfeadh sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

Leasú 81

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – fómhír 20 – pointe a

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 30 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5) **agus sa** dara fómhír d'Airteagal 21(3) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.”

Leasú

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5), **Airteagal 19(5) agus 6**, dara fómhír d'Airteagal 21(3) **agus d'Airteagal 25(2)** a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.

Leasú 82

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a (nua)

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 30 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) scriostar mír 3;

Leasú 83

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b

Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE

Airteagal 30 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5) **agus** sa dara fómhír d'Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm

Leasú

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5), **in Airteagal 19(5) agus (6)**, sa dara fómhír d'Airteagal 21(3) **agus in Airteagal 25(2)** a

a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

Leasú 84

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – fómhír 20 – pointe c
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 30 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

7. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(5) **nó** de bhun an dara fómhír d'Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”

Leasú 85

Togra le haghaidh cinnidh

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Airteagal 34 – mír 2 – fómhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(5), de bhun **Airteagal 19(5) agus (6)**, de bhun an dara fómhír d'Airteagal 21(3) **nó** de bhun **Airteagal 25(2)** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle

Leasú

(22a) in Airteagal 34(2), cuirtear isteach

an fhomhír seo a leanas:

“Faoi ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh leasaithe seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú an tSásra Aontais agus ar an gcomhordú agus na sineirgí a baineadh amach le Clár EU4Health agus le reachtaíocht sláinte eile de chuid an Aontais, d’fhonn togra reachtach a thíolacadh lena n-áireofaí Sásra Eorpach um Fhreagairt ar Shláinte sonracha a chruthú.”

Leasú 86

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Iarscríbhinn I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(23) Scriostar Iarscríbhinn I.

scriosta

Leasú 87

Togra le haghaidh cinnidh
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 a (nua)
Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE
Iarscríbhinn I

An téacs atá ann

Leasú

Iarscríbhinn I

(23a) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

“Iarscríbhinn I

Céatadáin agus prionsabail le haghaidh leithdháileadh an imchlúdaigh airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(1) agus (1a) agus in Airteagal 19a

Céatadáin le haghaidh leithdháileadh an imchlúdaigh airgeadais le haghaidh chur chun feidhme Shásra an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(1)

1. Céatadáin le haghaidh leithdháileadh an imchlúdaigh airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(1) *don tréimhse*

Cosc **20 % +/- 8** bpointe céatadáin
Ullmhacht **50 % +/- 8** bpointe céatadáin
Freagairt: **30 % +/- 8** bpointe céatadáin

Prionsabail

Nuair a bheidh an Cinneadh seo á chur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht do ghníomhaíochtaí a leagtar síos sa Chinneadh seo sprioc-am lena n-aghaidh laistigh den tréimhse roimh an sprioc-am sin, agus é mar chuspóir aige an sprioc-am i dtrácht a chomhlíonadh.

2014 go 2020

Cosc **10 % +/- 10** bpointe céatadáin
Ullmhacht **65 % +/- 10** bpointe céatadáin
Freagairt: **25 % +/- 10** bpointe céatadáin

2. Céatadáin le haghaidh leithdháileadh an imchlúdaigh airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais dá dtagraítear in Airteagal 19(1a) agus Airteagal 19a don tréimhse 2021 go 2027

Cosc 8 % +/- 10 bpointe céatadáin

Ullmhacht: 80 % +/- 10 bpointe céatadáin

Freagairt: 12 % +/- 10 bpointe céatadáin

3. Prionsabail

Nuair a bheidh an Cinneadh seo á chur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht do ghníomhaíochtaí a leagtar síos sa Chinneadh seo sprioc-am lena n-aghaidh laistigh den tréimhse roimh an sprioc-am sin, agus é mar chuspóir aige an sprioc-am i dtrácht a chomhlíonadh."